V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10621 – Welput/PSPIB/Alecta/ 105 VStreet JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 72/08)

1. An 3 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— West End of London Property Unit Trust ("Welput", Geirsí);

— the Public Sector Pension Investment Board ("PSPIB", Ceanada);

— Alecta Tjänstepension Ömsesidigt ("Alecta", An tSualainn); agus,

— 105VS Holdings Unit Trust ("105 VStreet", Geirsí).

Gheobhaidh Welput, PSPIB agus Alecta rialú comhpháirteach ar 105 Vstreet de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Welput: iontaobhas aonad maoine. Is gnóthas comhinfheistíochta é chun críocha an Achta um Sheirbhísí Airgeadais agus Margaí den Ríocht Aontaithe, 2000. Tá Welput gníomhach go heisiach i lár Londan sa Ríocht Aontaithe;

— i gcás PSPIB: bainisteoir infheistíochta pinsin ar phleananna pinsin Sheirbhís Phoiblí Fheidearálach Cheanada, Arm Cheanada, Phóilíní Capall Ríoga Cheanada agus an Fhórsa Cúltaca. Bainistíonn sé punann domhanda éagsúlaithe lena n-áirítear stoic, bannaí agus urrúis ioncaim sheasta eile, mar aon le hinfheistíochta i gcothromas príobháideach, réadmhaoin, bonneagar, acmhainní nádúrtha agus infheistíochtaí creidmheasa.

— i gcás Alecta: Ciste pinsean lena mbainistítear pinsin ghairme daoine príobháideacha agus cuideachtaí sa tSualainn. I bpunann infheistíochtaí Alecta áirítear infheistíochtaí in ioncam seasta, i gcothromas agus i réadmhaoin; agus,

— i gcás 105 VStreet: áitreabh réadmhaoine lonnaithe ag 105 Victoria Street, Londain.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10621 – Welput/PSPIB/Alecta/ 105 VStreet JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.